

Briathra Gnímh mar a Mhínítear sa tSonraíocht iad

Briathar	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Aithin	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainathint
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainathint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Athbhreithnigh	athscrúdú a dhéanamh go cúramach nó go criticiúil, chun tacú nó easaontú de ghnáth; torthaí a anailísiú chun tuairim a thabhairt
Ceap	na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach
Cosain	cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid
Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh
Déan	tabhairt faoi ghníomhaíocht
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd
Déan taighde	sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil
Dear	ceapadh, cruthú agus cur i ngníomh de réir plean
Deimhnigh	fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis
Eagraigh	rud a shocrú; rud a chórasú nó a rianú
Fiosraigh	breathnú nó staidéar a dhéanamh, d'fhonn fíricí a chinntiú
Forbair	éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de
Iniúch	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra
Léirigh	samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin
Léirmhíneigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Léirthiscint a bheith ag... do...	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Machnaigh /	rud a mheas chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh
Meas (cuimhnigh ar...)	cur síos ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú; tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil

Briathar	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in imscrúdú; srianta fianaise i gconclúidí a aithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
Pleanáil	modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí
Rangaigh	rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Samhaltaigh	léiriú matamaiticiúil a ghiniúint (m.sh. uimhir, graf, cothromóid, fíor gheoiméadrach); léaráidí; macasamhlacha fisiceacha do réada an fhíorshaoil nó do réada matamaiticiúla; airíonna; gníomhartha nó coibhneasa
Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus coibhneasa na saincheiste
Tabhair breac-chuntas	achomre a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha ábhair
Táirg	rud a thabhairt ar an saol trí chumas intleachtach nó cruthaitheach
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Tomhais	athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh

(Curtha in oiriúint ó Shonraíocht d'Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, CNCM, Aguisín 1)